an tAontas Eorpach

# An Eoraip a Fhorbairt i gComhar le **Comhairleoirí Áitiúla**


© Shutterstock

**Líonra de chomhairleoirí áitiúla AE, ag obair le chéile chun cumarsáid a dhéanamh ar shaincheisteanna AE**

Cruthaíonn an tionscadal "**An Eoraip a fhorbairt i gComhar le Comhairleoirí Áitiúla**" líonra Eorpach de pholaiteoirí a toghadh go háitiúil dírithe ar chumarsáid a dhéanamh maidir leis an Aontas Eorpach i gcomhaontas nach bhfacthas riamh cheana idir an leibhéal rialachais Eorpach agus an leibhéal rialachais áitiúil.

Cuirfidh an tionscadal ar chumas polaiteoirí áitiúla oibriú le chéile agus faisnéis a scaipeadh mar gheall ar thopaicí AE a bhaineann le muintir a dtoghcheantair áitiúil. Cabhróidh sé freisin le rannpháirtíocht a threisiú agus cothóidh sé díospóireachtaí faoi na saincheisteanna seo agus faoi thodhchaí na hEorpa. Is é atá i gceist thar aon rud eile tacú le cruthú réimse poiblí fíor-Eorpaigh.

Iarrann an Coimisiún Eorpach ar údaráis áitiúla dul isteach sa tionscadal. Tá sé furasta. Ní gá ach an fhoirm iarratais a líonadh amach, an dearbhú ar a bhfuil síniú an chomhairleora áitiúil agus ionadaí dlí an údaráis áitiúil a uaslódáil, agus iad a chur isteach.

Tar éis iad a chlárú sa ghrúpa, rachaidh comhairleoirí áitiúla chun cainte le daoine ina dtoghcheantair féin agus/nó leis na meáin áitiúla maidir le tionscnaimh pholaitiúla ghinearálta agus maidir le bearta atá á ndéanamh ag an Aontas.

Tá sé tábhachtach faisnéis faoin Aontas a scaipeadh ag an leibhéal áitiúil chun go leanfar den bhorradh a cruthaíodh leis an *gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa* agus laistigh de chomhthéacs *NextGenerationEU*.

Tá an tionscadal á chur i bhfeidhm i ndlúthchomhar le **Parlaimint na hEorpa** agus **Líonra Eorpach Comhairleoirí Réigiúnacha agus Áitiúla** Choiste na Réigiún.

Chun tuilleadh a fhoghlaim, iarratas a dhéanamh agus bheith i do chomhalta, oscail an láithreán gréasáin *An Eoraip a Fhorbairt i gComhar le Comhairleoirí Áitiúla*.